# *Cartlann na gCanúintí, Roinn na Nua-Ghaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath*

## *clár faisnéise*

## 2003

## FOCAL ÓN gCEANN ROINNE, ROINN NA NUA-GHAEILGE

Ón uair a cuireadh ar bun ar dtúis í i Roinn na Nua-Ghaeilge sa bhliain 1953 faoi stiúir an Dr Tomás de Bhaldraithe tá CARTLANN NA GCANÚINTÍ ina lárionad acmhainní le haghaidh an staidéir ar fhoclóireacht na Nua-Ghaeilge agus ar an gcanúneolaíocht.

Bhí an Chartlann páirteach in ullmhú an *English-Irish Dictionary* le Tomás de Bhaldraithe (1959) agus cuireadh a cuid acmhainní chun tairbhe le haghaidh an *Foclóir Gaeilge-Béarla* le Niall Ó Dónaill (1977) chomh maith céanna. Bíonn baint i gcónaí ag foireann na Cartlainne le meithleacha comhairle i mbun sainfhoclóirí na Roinne Oideachais (atá faoi Fhoras na Gaeilge anois); agus is ar bhonn sealúchas na Cartlainne mar aon le hábhar eile a réitíodh sraith d'fhoclóirí canúintí a d'fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann .

Sa lá inniu tá an cnuasach lámhscríbhinní atá i seilbh CHARTLANN NA gCANÚINTÍ ar cheann de na bailiúcháin is luachmhaire in Éirinn le haghaidh staidéir ar fhoclóir chanúintí na Nua-Ghaeilge.

Tá an Clár gairid seo ar shealúchas na Cartlainne mar a sheasann sé inniu leathchéad bliain ó céadbhunaíodh an áis, ullmhaithe ag an gCartlannaí, Marion Gunn MA, ar mholadh ó Choiste na Foirne i Roinn na Nua-Ghaeilge (Earrach 2003). Faisnéis achomair thairbheach atá sa Chlár chun úsáide fhoireann na Roinne féin agus ár gcuid mac léinn sa chéad áit. Beidh sé mar threoir chomh maith don phobal i gcoitinne laistigh agus lasmuigh den Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, ar spéis leo teanga na Gaeilge agus saibhreas an fhoclóra a bhaineann léi.

I dteannta leis an teaspáinteas breá atá curtha le chéile ag an gCartlannaí mar cheiliúradh ar obair leanúnach na Cartlainne, tugann an Clár Faisnéise seo léiriú ar fhairsinge agus ilghnéitheacht na gcnuasach atá cruinnithe agus á gcruinniú, agus ar a thábhachtaí is a bheidh sé feasta na hacmhainní cuí a fháil chun an saibhreas atá ar coimeád sa Chartlann a chur ó bhaol agus an Chartlann féin a fhorbairt mar áis taighde ar theanga na Gaeilge.

AN TOLLAMH PÁDRAIG A. BREATNACH

---

**a01 Ó Ruadháin, Seán** Maigh Eo 1950í-1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

42 bosca, circa 40,000 cárta; lámh an údair; rian na haoise orthu, ach iad glan, soléite; mionscannán ann. Údair: Seán Ó Ruadhain 1883-1966, Dubhloch, Iorras, Contae Mhaigh Eo. Tá cur síos ar an gcnuasach seo in Mac Niocláis, M., *Seán Ó Ruadháin: Saol agus Saothar,* An Clóchomhar, 1991.

---

**a02 údair éagsúla** Maigh Eo 1950í-1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

2 bosca, circa 900 cárta, idir chlóscríofa agus lámhscríofa; iontrálacha bunaithe ar leabhair a bhaineann le Contae Mhaigh Eo, leis na húdair seo a leanas: Ó Ruadháin, Seán, *Pádhraic Mháire Bhán*; de hÍde, Dubhglas, *Ocht sgéalta ó Choillte Mághach, Naoi ndánta leis an Reachtabhrach*; Ó Ruaidhrí, Seaghan, *Bliadhain na bhFrancach*; Ó Tiománaidhe, Mícheál, & Ó Fotharta (Fatharta), Domhnall, *Scéalta Gearra an Iarthair, Targaireacht Bhriain Ruaidh*; Ó Fotharta (Fatharta), Domhnall, *Fuigheall ón tSean Aimsir*; Mhag Ruaidhrí, Mícheál, *Lúb na Caillighe, Mac Mic Iascaire Bhuí.*

---

**a03 Winter, Máiréad** Maigh Eo 1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

4 bosca, circa 1,400 cárta. Údar: Máiréad Winter M.A. 1968.

---

**a04 údair éagsúla** An Mhí, An Cabhán, Lú, Maigh Eo, Tiobraid Árann, Ros Comáin, Sligeach, Tír Eoghain 1950í-1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, circa 50 cárta; clóscríofa. Iontrálacha bainte as imleabhair éagsúla den iris *Béaloideas*.

---

**a05** **údair éagsúla** Dún na nGall 1950í-1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

12 bosca, circa 10,000 cárta, idir chlóscríofa agus lámhscríofa. Iontrálacha bunaithe ar leabhair a bhaineann le Contae Dhún na nGall, le húdair séagsúla. Údair: Ó Colm, Eoghan; Mac Grianna, Seosamh, *An Grá agus an Ghruaim*; Mac Giolla Cheara, An tAthair P., *Ceachta as leabhar na Cruinne, Súil thart ar an dúlra*; Mac Meanmain, Seán, *Crathath an Phocáin, Fear siubhail, Indé agus indiu, Ó Chamhaoin go Clapsholas, Scéalta Goiride Geimhridh*; Mac Maoláin, Seán, *Éan Corr*; Mac Gabhann, Micí, *Rotha Mór an tSaoil*; Ó Domhnaill, Eoghan, *Scéal Hiúdaí Sheáinín*; Ó Baoill, Aindrias, *An tAiridheach*; Ó Searcaigh, Donnchadh, *An Uiseog*; Ó Searcaigh, Séamas, agus Nic Néill, Íde, *Cloch Cheann Fhaolaidh, Cú na gCleas & Scéalta Eile, Faire Pháidí Mhóir, Ceol na nÉan*; Laoide, Seosamh, *Sgéalaidhe Fearnmhuighe, Sgéalaidhe Óirghiall, Cruach Chonaill, Trí Tórpáin*; Ó Muirgheasa, Enrí, (Feargus Mac Roigh), *Maighdean an tSolais & scéalta eile, Daoine Beaga & Daoine Móra, Bruidhean Caorthainn*; Mac an Bhaird, Séamus, (Giarrot), *Troid Bhaile an Droichid*; Ó Grianna, Séamas, *Cioth agus Dealán, Mo Dhá Róisín.*

---

**a06** **Ó hEochaidh, Seán** Dún na nGall 1953-1965

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

4 bosca, circa 2,800 cárta; i lámh an údair; seanchaite, ach fós soiléite, glan. Údar: Seán Ó hEochaidh, Tír Chonaill, a bhí ag obair le Coimisiún Bhéaloideas Éireann chun béaloideas a bhailiú agus le CnagC san am céanna chun foclóirí a thiomsú. I measc a sholáthróirí faisnéise i gcomhair an chnuasaigh seo bhí: D. Ó Gallchóir, S. Ó hEachaidh, S. Mac Amhlaigh.

---

**a07** **údair éagsúla** Port Láirge gan dáta

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

3 bosca, circa 1,200 cárta clóscríofa; iontrálacha bunaithe ar leabhair a bhaineann le Contae Phort Láirge, le húdair éagsúla. Údair: Mac Craith, Mícheál, *Deora Drúchta Camhaoire*; Ó Cionnfhaolaidh, Mícheál, *Sean-Bheidhlín Chríostóir*.

---

**a08** **Ó Foghludha, Pilib**
**Ó Foghlú, Pilib** Port Láirge 1950í-1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

5 bosca, circa 4,000 cárta; lámh an údair; rian na haoise orthu, ach iad soiléite i gcónai. Údar: Pilib Ó Foghludha, a bhailigh an t-ábhar i Rinn Ó gCuanach. Foilsíodh i 1988, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in Ó hAirt, D., *Deascán Foclóireachta 7: Díolaim Dhéiseach*.

---



**a09** **Tomás Laighléis** Gaillimh 1954-1979

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

32 bosca, circa 30,000 cárta; lámh an údair; dornán i láimh Thomáis de Bhaldraithe; rian na haoise ar na cártaí, ach iad soiléite, glan. Údar: Tomás Laighléis, Mionlach, Contae na Gaillimhe. Foilsíodh i 1985, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in de Bhaldraithe, T., *Deascán Foclóireachta 4: Foirisiún Focal as Gaillimh.*

---

**a10** **Bairéad, Ciarán** Gaillimh 1952-1964

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

3 bosca, circa 3,000 cárta; lámh an údair; soléie, glan. Údar: Ciarán Bairéad 1905-1976. Bhí an t-údar ina bhailitheoir béaloidis ag Coimisiún Bhéaloideas Éirean, ag obair don Iarsmalann Náisiúnta agus do ChnagC. Féach 'Bairéad Collection' Leabharlann Hardiman Choláiste Ollscoile na Gaillimeh, áit a gcaomhnaítear in éineacht saothar le Stiophán Bairéad 1867-1921, lena iníon Síghle 1903-1985 gus le húdar an chnuasaigh seo, ar mac le S.B. é. Comhfhreagras gaolmhar. Faisnéiseoirí: Tomás Laighléis, Mionlach; Padhraic Ó Cuilleanáin (Patrick Cullinane), An Turloch Mór; Máirtín Ó Tarpaigh (Martin Tarpey), An Torloch Mór; Mícheál Ó Síoda (Mike Silke), Uarán Mór; Seán Ó Loirgneáin (John Lardner), Uarán Mór; Máirtín Ó Duinnshléibhe (Martin Dunleavy), Uarán Mór; Liam Ó Flaithbheartaigh (William Flaherty), Uarán Mór; Padhraig Ó Síodaigh (Patch Silke), Uarán Mór; Tomás Ó Ceallaigh (Sonny Kelly), Baile Chláir na Gaillimhe; Seán Ó Gráilligh, Baile Chláir na Gaillimhe; Éamonn Forde, Baile Chláir na Gaillimhe; Padhraic Ó Flaithbheartaigh, Baile Chláir na Gaillimhe.

---

**a11** **údair éagsúla** Gaillimh 1960í(?) -1970í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

10 bosca, circa 9,000 cárta clóscríofa; sliochta as leabhair le húdair éagsúla; caite ag ró-usáid, ach soiléite. Údair: de Bhailís, C., *Amhráin Chuilm de Bhailís*; Bairéad , T., *An Geall a Briseadh*; Ó Beirn, D., *Seo Siúd, An Troid agus an tUaigneas*; Breathnach, M., *Cnoc na nGabha, Seilg i Measc na nAlp, Stair na hÉireann*; Ó Cadhain, M., *Idir Shúgradh agus Dáiríre, An Braon Broghach*; Ó Conaire, P., *Scéalta Aniar, Nóra Mharcais Bhig;* Ó Conaire, P. Óg, *Ceol na nGiolcach, Éan Cuideáin, Cóilín Ó Cuanaigh, Seoid ón Iarthar Órdha*; Ua Concheanainn, T., *Inis Fáil, Mac-Ghníomhartha Bhriain, Fianna Éireann*; Ó Domhnalláin, P., *Bruth Fa Thír, Scéalta Eorpacha, Tacar Amhrán*; Ó Gaora, C., *Mise, Sídheog na Rann*; Mac Giollarnátha, S., *Cudar*; de hÍde, D., *Sgeuluidhe Fíor na Seachtmhaine*; Ó Máille, T., *An Béal Beo, Diarmuid Donn, An Giolla Dubh, An Ghaoth Aniar, Mícheál Mac Suibhne;* Ó Neachtain, E., *Tochmharc Fhearbhlaidhe, Dubhaltach Mac Firbisigh, Stair-Chleachta I, Céadtach Mac Finn as Éirinn.*

---

**a12** **údair éagsúla** Corcaigh 1950í(?)-1970í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

4 bosca, circa 3,000 cárta; sliochta as leabhair a bhaineann le Corcaigh le húdair éagsúla. Údair: Ua Laoghaire, An tAth. P., *Niamh, Lúcian, Ag Séideadh agus ag Ithe, Guaire I & II, Sliabh na mBan Fionn, Lughaidh Mac Con, An Cleasaidhe, Bricriú, An Craos-Deamhan, Táin Bó Cuailgne*; Ó Muimhneacháin, D., *Bhéarsaí Dhá Chích Danainn*; Ó Murchú, T. (Seandún), *Toradh na Gaedhilge*; Pléimeann, D., *Eachtra na nArgonátach*; Ó Cadhla, S., *Eachtra Fhinn Mhic Cumhaill.*

---

**a13 Ó Drisceoil, Donncha S.** Corcaigh 1971-1972

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, circa 100 cárta; lámh an údair. Údar: Donncha Shéamuis Ó Drisceoil 1912-1984, Comalán, Cléire.

---

**a14 Ó Maolchathaigh, Séamus** Tiobraid Árann 1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

11 bosca, circa 10,000 cárta; lámh an údair. Údar: Séamus Ó Maolchathaigh (†1968), An Ghráinseach, Cluain Meala, Contae Thiobraid Árainn, a bhí ag obair mar bhailitheoir ábhar canúineolaíochta do Chartlann na gCanúintí sna 1960í. Foilsíodh i 1988, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in Ó hAirt, D., *Deascán Foclóireachta 7: Díolaim Dhéiseach.*

---

**a15 Ua Maoileoin, Pádraig** Ciarraí 1966-1986

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

30 bosca, circa 30,000 cárta, idir nua agus sean. Údar: Pádraig Ua Maoileoin 1913-2002, Dún Chaoin, Contae Chiarraí. Bhí an t-údar ag obair mar thiomsaitheoir foclóra ag Acadamh Ríoga na hÉireann agus ag CnagC san am céanna. Foilsíodh i 1984, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in Ó hÓgáin, É., *Deascán Foclóireachta 3: Díolaim Focal (A) ó Chorca Dhuibhne.*

---

**a16 údair éagsúla** Ciarraí 1950í[?]-1970í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

4 bosca, circa 3,800 cárta; sliochta as leabhair le húdair éagsúla; clóscríofa; caite ag ró-úsáid, ach soiléilte. Údair éagsúla: Ó Criomhthain, T., *Allagar na hInise*, *Seanchas ón Oileán Tiar*; , *An tOileánach*; Ó Dubhghaill, S. (Beirt Fhear), Beairtín Luachra, Cléibhín Móna, Prátaí Mhíchíl Ó Duinnín, An tAth. P., *Cormac Ua Conaill, An Tobar Draidheachta, Prós Gaedhalach, Aistidhe Gaeilge*; Ó Sé/Séaghdha, P. (Conán Maol), *Éire*; *An Buaiceas, Mac Fhínghín Duibh*; Ó Siochrú/Siochfhradha, P., *An Baile seo Againne, An Ceithearnach Caoilriabhach, Eachtra Thaidhg Mhic Céin*; Ó Súilleabháin, M., *Fiche Blian ag Fás*; O'Sullivan Beare, P., *Stories from the Zoilomastix of O'S. B.*

---

*cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003*
*leagan 2.9*

**a17 Ó Dálaigh, Seosamh** Ciarraí 1954-65

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

11 bosca, circa 10,000 cárta; lámh an údair.Údar: Seosamh Ó Dálaigh, Trá Lí, Contae Chiarraí. Bhí an t-údar ina bhailitheoir béaloideasa ag an gCoimhisiún le Béaloideas Éireann, agus é ag obair mar thiomsaitheoir foclóra ag an Roinn Oideachais agus ag CnagC san am céanna.

---

**a18 Ó Gríofa, Mícheál** Ciarraí 1950í /1960í(?)

**Foclóir Gaeilge - Gaeilge**

1 bosca, circa 250 cárta clóscríofa; glan, soiléilte. Údar: Mícheál Ó Gríofa (Ó Gríobhtha), sliochta as a leabhair *Briathar Mná, Go mBeannaítear Dhuit, Bean an Bhrait Bháin.*

---

**a19 Ó Ruadháin, Seán** Maigh Eo 1961-1966

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

10 bosca, circa 10,000 cárta; i lámh an údair; glan, soiléite, ach rian na haoise ar na cártaí. Údar: Seán Ó Ruadháin 1883-1966, Dubhloch, Iorras, Contae Mhaigh Eo.

---

**a20 Ó Ruadháin, Seán** Maigh Eo 1950í-1960í

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

1 bosca, circa 100 cárta lámhscríofa; iontrálacha bunaithe ar Ó Ruadháin, Seán, *Pádhraic Mháire Bhán.*

---

**a21 Tomás Laighléis** Gaillimh 1954-1979

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

6 bosca, circa 6,000 cárta; i lámh an údair; rian na haoise ar na cártaí, ach iad soiléite i gcónaí. Údar: Tomás Laighléis, Mionlach, Contae na Gaillimhe. Foilsíodh i 1985, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in de Bhaldraithe, T., *Deascán Foclóireachta 4: Foirisiún Focal as Gaillimh.*

---

a22 **Bairéad, Ciarán** Gaillimh 1952-1964

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

3 bosca, circa 3,000 cárta; lámh an údair; soléie, glan. Údar: Ciarán Bairéad 1905-1976. Bhí an t-údar ina bhailitheoir béaloidis ag Coimisiún Bhéaloideas Éirean, ag obair don Iarsmalann Náisiúnta agus do ChnagC. Féach 'Bairéad Collection' Leabharlann Hardiman Choláiste Ollscoile na Gaillimeh, áit a gcaomhnaítear in éineacht saothar le Stiophán Bairéad 1867-1921, lena iníon Síghle 1903-1985 gus le húdar an chnuasaigh seo, ar mac le S.B. é. Comhfhreagras gaolmhar. Faisnéiseoirí: Tomás Laighléis, Mionlach; Padhraic Ó Cuilleanáin (Patrick Cullinane), An Turloch Mór; Máirtín Ó Tarpaigh (Martin Tarpey), An Torloch Mór; Mícheál Ó Síoda (Mike Silke), Uarán Mór; Seán Ó Loirgneáin (John Lardner), Uarán Mór; Máirtin Ó Duinnshléibhe (Martin Dunleavy), Uarán Mór; Liam Ó Flaithbheartaigh (William Flaherty), Uarán Mór; Padhraig Ó Síodaigh (Patch Silke), Uarán Mór; Tomás Ó Ceallaigh (Sonny Kelly), Baile Chláir na Gaillimhe; Seán Ó Gráilligh, Baile Chláir na Gaillimhe; Éamonn Forde, Baile Chláir na Gaillimhe; Padhraic Ó Flaithbheartaigh, Baile Chláir na Gaillimhe.

---

a23 **Ó Foghludha, Pilib** Port Láirge 1950í-1960í
**Ó Foghlú, Pilib**

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

3 bosca, circa 2,300 cárta; lámh an údair; rian na haoise orthu, ach iad soiléite i gcónai. Údar: Pilib Ó Foghludha, a bhailigh an t-ábhar i Rinn Ó gCuanach. Foilsíodh i 1988, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in Ó hAirt, D., *Deascán Foclóireachta 7: Díolaim Dhéiseach.*

---

a24 **Ó Dálaigh, Seosamh** Ciarraí 1960í

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

9 bosca, circa 8,000 cárta; lámh an údair.Údar: Seosamh Ó Dálaigh, Trá Lí, Contae Chiarraí. Bhí an t-údar ina bhailitheoir béaloideasa ag an gCoimhisiún le Béaloideas Éireann, agus é ag obair mar thiomsaitheoir foclóra ag an Roinn Oideachais agus ag CnagC san am céanna.

---

a25 **Ó hEochaidh, Seán** Dún na nGall 1953-1965

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

3 bosca, circa 2,800 cárta; lámh an údair. Údar: Seán Ó hEochaidh, Tir Chonaill, a bhí ag obair mar bhailitheoir béaloidis leis an gCoimisiún Béaloideasa agus le CnagC san am céanna, chun foclóirí a thiomsú. Faisnéiseoirí: D. Ó Gallchóir, S. Ó hEachaidh, S. Mac Amhlaigh, et al.

---

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

a26 **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh gan dáta

**Liosta Focal as Gaeilge**

5 bosca, circa 4,000 cárta clóscríofa. Crostagairtí do chnuasach b02. Údar: Máirtín Ó Cadhain (1905-1970), Cois Fharraige, Conamara, Contae na Gaillimhe.

---

a27 **údair éagsúla** ceantair éagsúla tréimhsí éagsúla

**Innéacs Leabhar**

1 bosca; circa 1,000 cárta; clóscríofa. Innéacs do Chnuasach Leabhar # 1 Chartlann na gCanúintí, ina bhfuil na céadta leabhar ar buaniasacht ó Leabharlann Choláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, mar bhonn le taighde ar fhoclóireacht agus ar chanúineolaíocht na Gaeilge, agus mar bhonn le crostagairtí i gcnuasaigh eile.

---

a28 **údair éagsúla** ceantair éagsúla tréimhsí éagsúla

**Innéacs Leabhar**

1 bosca; circa 100 cárta; clóscríofa. Innéacs do leabhair ina bhfuil gluaiseanna.

---

a29 **údair éagsúla** ceantair éagsúla tréimhsí éagsúla

**Innéacs Tráchtas I**

Ar iasacht ag Breandán Ó Buachalla.

---

a30 **de Bhaldraithe, Tomás** Gaillimh tréimhsí éagsúla

Féach nóta faoi iontráil a34-a39.

---

a31 **Ó Laoghaire, An tAth. Peadar**
**Ní Dhochartaigh, N.**
**Comhchordacht** — Corcaigh — gan dáta

5 bosca, circa 5,000 cárta; lámhscríofa. Údar: N. Ní Dhochartaigh a thiomsaigh an chomhchordacht seo do Ó Laoghaire, An tAth. P., *Séadna*.

a32 **údair éagsúla**
**Innéacs Leabhar** — ceantair éagsúla — tréimhsí éagsúla

1 bosca; circa 1,000 cárta; clóscríofa. Innéacs do Chnuasach Leabhar # 2 Chartlann na gCanúintí, mar atá, na céadta leabhar a bhronn Éamon de Valera, Uachtarán na hÉireann, mar chomóradh ar chéad 20 bl. Chartlann na gCanúintí.

a33 **Ó Fiannachta, Mícheál**
**Foclóir Gaeilge - Béarla** — Ciarraí — roimh 1973

9 bosca, circa 8,000 cárta; i lámh an údair; glan, soiléite; gan mórán de rian na haoise ar na cártaí; cnuasach nach n-úsáidtear chomh minic céanna agus cnuasaigh eile, toisc é bheith ina eochair do chnuasaigh i gcartlann eile, mar atá, Cartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Údar: Mícheál Ó Fiannachta 1921-1973, Fiontrá, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí. Meastar gur tiomsaíodh an cnuasach seo le linn don údar a bheith ina theagascóir cúnta i Roinn na Nua-Ghaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath 4.

a34-a39 **de Bhaldraithe, Tomás**
**Foclóirí, nótaí ar fhocail, srl.** — Gaillimh, An Clár, ceantair eile — tréimhsí éagsúla

25 bosca, circa 60,000 cárta lámhscríofa; idir nua agus sean, an chuid is ársa acu ina mbrus. Ábhar ilghnéitheach; gan scagadh; idir ghnáthlitriú agus fogharscríbhinn; seanfhocla; gluaiseanna; ranna; amhráin; sloinnte, leasainmneacha, nathanna, nótaí foclóireachta, nótaí fóneolaíochta, liostaí foinsí agus faisnéiseoirí. Údar: Tomás de Bhaldraithe. Foilsíodh i 1985, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in de Bhaldraithe, T., *Deascán Foclóireachta 4: Foirisiún Focal as Gaillimh*. Tar éis don údar éirí as a phost mar Ollamh le Canúineolaíocht na Gaeilge i gColáiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath, bhog sé cnuasaigh a30, a34, a35, a36, a38 agus a39 ar fad amach go dtína oifig i Ráth Maonais chun leanúint dá thaighde i leith na gcúrsaí lena mbainid. Nuair a bhronn a mhuintir cáipéisí an údair ar Chartlann na gCanúintí tar éis a bháis, bhí curtha go mór aige le líon na gcártaí sna cnuasaigh áirithe sin agus iad snite isteach le cnuasaigh iomadúla eile, roinnt mionchnuasach ina measc a bhaineann le ceantair eile (Cill Chainnigh, Teileann, Uíbh Ráthach, mar shampla), agus roinnt eile fós a bhaineann le teangacha eile.

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

a40 **Ó Cadhain, Máirtín**
**Ó Criomhthain, Tomás**
**Gunn, Marion**
**Comhchordacht** — Gaillimh agus Ciarraí — 1970í-1980í

130 bosca, circa 130,000 cárta ríomhghinte. Údar: Marion Gunn a thiomsaigh, as na leabhair seo a leanas le Máirtín Ó Cadhain agus le Tomás Ó Criomhthain. Ó Cadhain, M., *An Braon Broghach, Cois Caoláire, Cré na Cille, Idir Shúgradh agus Dáiríre, An tSraith Ar Lár, An tSraith Dhá Tógáil, An tSraith Tóigthe*; Ó Criomhthain, T., *Allagar na hInise, An tOileánach, Seanchas ón Oileán Tiar.*

a41 **Pluincéad, Risteard**
**Gunn, Marion**
**Ó hUiginn, Ruairí**
**Foclóir Gaeilge - Laidin** — An Mhí — 1662, 1970í-1980í

15 bosca, circa 15,000 cárta, idir chlóscríofa agus lámhscríofa. Údair: Marion Gunn agus Ruairí Ó hUiginn a chas droim ar ais leathanaigh 1-583 den lámhscríbhinn neamhfhoilsithe 'Foclóir Lainne agus Gaoidhilge' a scríobh Risteard Pluincéad, Átha Troim, Co. na Mí, i 1662, agus atá anois i Leabharlann Marsh, Baile Átha Cliath (nod: Z4.2.5).

a42 **Gunn, Marion**
**Liosta Focal agus Cainteanna** — ceantair éagsúla — 1977

1 bosca, circa 400 cárta. Údar: Marion Gunn a thiomsaigh as cláracha raidió i sraith *Fadhbanna Gaeilge*.

a43 **Údair éagsúla**
**Foclóir Gaeilge - Béarla** — An Clár — 1920í-1930í

1 bosca, circa 900 cárta, idir lámhscríofa agus fótachóipeáilte; lámha éagsúla. Údair: Séamus Ó Duilearga et al.

a44 **Ó Duilearga, Séamus** — Ciarraí — 1920í-1950í

1 bosca, circa 700 cárta; lámh an údair. Údar: Séamus Ó Duilearga.

**a45** **Ó Duilearga, Séamus** ceantair éagsúla 1940í-1950í

I bosca, circa 100 cárta, idir lámhscríofa agus fótachóipeáilte. Údar: Séamus Ó Duilearga.

---

**a46** **Nic Dhonnchadha, Mairéad** Gaillimh 1970í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

2 bosca, circa 1,200 cárta; lámh an údair. Údair: Máiréad Nic Dhonnchadha, Gaillimh. Bhí an t-údar ina teagascóir i Roinn na Nua-Ghaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, san am.

---

**a47** **Ó Criomhthain, Tomás** Ciarraí 1984
**Gunn, Marion**

**Foclóir Gaeilge - Béarla.**

! bosca, circa 60 cárta clóscríofa. Údar: Marion Gunn, a bhain liosta ceannfhocal as foclóir lámhscríofa le Tomhás Ó Criomhthain i gCartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

---

**a48** **Ó Floinn, Donncha** Corcaigh 1928-1944; 1980í
**Nic Pháidín, Caoilfhinn**

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

Ar iasacht ag Breandán Ó Buachalla.

---

**a49** **Ó Súilleabháin, Seán** Corcaigh 1980í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

Ar iasacht ag Breandán Ó Buachalla.

---

**a50** **Údair éagsúla** Corcaigh 1980í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

Ar iasacht ag Breandán Ó Buachalla.

---



**a51** **Ó Floinn, Donncha** Corcaigh 1928-1944; 1980í
**Gunn, Marion**

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

Ar iasacht ag Breandán Ó Buachalla.

---

**a52** **Ó Giollagáin, Conchúr** An Mhí 1986 agus tréimhsí eile

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, circa 300 cárta; lámh an údair. Údar: Conchúr Ó Giollagáin, a bhailigh i Ráth Cairn agus a thiomsaigh as lsí i gCartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

---

**a53** **Ó Catháin, Brian** Inis Oírr, Árainn 1990 agus tréimhsí eile

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, circa 500 cárta; lámh an údair. Údar: Brian Ó Catháin, a bhailigh in Inis Oírr agus a thiomsaigh as lsí a bhaineann le hÁrainn i gCartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

---

**a54** **Breatnach, Pádraig A.** Ciarraí gan dáta

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, circa 30 cárta; lámh an údair. Údar: Pádraig A. Breatnach a bhailigh i gCiarraí, agus é ina Ollamh le Gaeilge Chlasaiceach i Roinn na Nua-Ghaeilge, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

---

**b01** **de Bhaldraithe, Tomás et al.** ceantair éagsúla 1950í-

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

22 bosca.; circa 22,000 lch.; lámha údar agus eagarthóirí; gan ord gan eagar; leathanaigh gan cheangal; cuid den ábhar marcáilte le haghaidh a churtha i gcló.; i lámha éagsúla anuas ar a chéile, ach an t-iomlán soiléite; páipéar seanchaite. Údair: Tomás de Bhaldraithe, Niall Ó Dónaill (lámha eile fós le haithint - ag iarraidh sin a dhéanamh -Máire Mhac an tSaoi ina measc, sílim). Úsáideadh an cnuasach/na cnuasaigh seo mar bhonn le de Bhaldraithe, T. *English - Irish Dictionary*, Oifig an tSoláthair 1959, agus le foclóirí eile ina dhiaidh, agus bhí i measc na bhfoinsí a ceadaíodh agus Ó Dónaill, N. *Foclóir Béarla - Gaeilge* Oifig an tSoláthair 1959, á thiomsú.

---

**b02** **Ó Cadhain, Máirtín** — Gaillimh — dáta fós le fionnadh

**Foclóir Gaeilge - Gaeilge**

2 bosca, circa 1223 lch.; lámh an údair; macasamhail; dath á tréigean, ach í fós inléite. Cuardach bunchóipe curtha ar bun sa Roinn Oid. ar iarratas ó Chartlannaí reatha ChnagC., ach gan teacht uirthi, rud a fhágann gur cosúil nach maireann ach cóip seo ChnagC. Údar: Máirtín Ó Cadhain 1905-1970, Cois Fharraige, Conamara, Contae na Gaillimhe.

---

**b03** **Mhac Meanmain, Seán (Seaghán Bán)** — Dún na nGall — dáta fós le fionnadh

**Focail agus Cora Cainte**

1 bosca, 270 lch. ; lámh an údair; leathanaigh scaoilte; macasamhail; dath á tréigean, ach í fós inléite. Údar: Seán Mac Meanmain (Seaghán Bán). Focla, cora cainte agus abairteacha as lár Thír Chonaill agus nach bhfuil i bhFoclóir Uí Dhuinnín 1927.Cuardach bunchóipe curtha ar bun sa Roinn Oid. ar iarratas ó Chartlannaí reatha ChnagC., ach gan teacht uirthi, rud a fhágann gur cosúil nach maireann ach cóip seo ChnagC.

---

**b04** **Ó Grianna, Séamus** — Dún na nGall — dáta fós le fionnadh

**Foclóir Béarla - Gaeilge**

5 bosca, os cionn 4,000+ lch.; i lámh an údair; leathanaigh scaoilte; macasamhail; dath á tréigean, ach fós soiléite. Cuardach bunchóipe curtha ar bun sa Roinn Oid. ar iarratas ó Chartlannaí reatha ChnagC., ach gan teacht uirthi, rud a fhágann gur cosúil nach maireann ach cóip seo ChnagC.

---

**b05** **Laighléis, Tomás** — Gaillimh — 1970í

**Seanchas**

7 bosca, 16 iml.; c. 11,000 lch.; idir ábhar lámhscríofa (scaoilte), ábhar clóscríofa (scaoilte), fótachóip faoi cheangal agus bosca scaoilte clóscríofa. Údar: Tomás Laighléis, Mionlach, Co. na Gaillimhe. Foilsíodh cuid den ábhar atá i mboscaí 1-6 in Laighléis, T., de Bhaldraithe, T. (eag.) *Seanchas Thomáis Laighléis*, Clóchomhar 1977, 1981; níor foilsíodh cuid ar bith den ábhar i mbosca 7. Comhfhreagras gaolmhar; léirmheas le Ciarán Mac Mathúna in 'Books of the Year', *Magill*, mí na Nollag 1977; alt cuimsitheach le Dónall Mac Amhlaigh ina thaobh in 'Seanchas Mionlaigh', *Irish Times* 1978-01-12, lch.8; alt in 'Tuarascáil' gan dáta. Foilsíodh i 1985, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in de Bhaldraithe, T., *Deascán Foclóireachta 4: Foirisiún Focal as Gaillimh.*

---

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

**b06** — Dún na nGall — tréimhsí éagsúla

**Ar Aghaidh**

1 bosca; macasamhla. Altanna as an irish *Ar Aghaidh* a úsáideadh mar bhonn le tiomsú foclóirí.

---

**b07** **údair éagsúla** — Luimneach, Sligeach, Gaillimh, S.AM./Árainn, Éire/Sasana — tréimhsí éagsúla

**Foclóiríní Gaeilge - Gaeilge, Gaeilge - Béarla, Shelta - Béarla**

1 bosca; lámha éagsúla. Údair: Dáithí Ó Ceantúil, Croma, Contae Luimnigh; Mr. Siggins, Donaghadee, Contae an Dúin; John Morrissey, Palo Alto, California, S.A.M. (ábhar as Árainn); Johnnie Connors (as Éirinn), Gorway, Walsall, Staffordshire, Sasana.

---

**b08** — Éire/SAM/eile — tréimhsí éagsúla

**Tréimhseacháin**

64 bosca. Cnuasach tréimhseachán Chartlann na gCanúintí. Irisí, idir léannta, ginearálta, ceirde, staire agus pobail as Éirinn, Stáit Aontaithe Mheiriceá agus tíortha eile, cuid acu gann, stairiúil iontu féin. I measc na dtréimhseachán tá: *Celtia, Inniu, Tuairisc, Comhar, Feasta, Timire, An Réiltín, Deirdre, Saoirse, An Síol, Misneach, Guth Lurgan, Ar Aghaidh, An tUltach, Cumarsáid, An Sagart, Agus, Irish Reporter, Cnag, Claidheamh Soluis, Leas, Pobal, Kelfoi, Biseach, Fastaoim, Old Castle Garden, an t-Éireannach,* srl. Altanna i gcuid de na tréimhseacháin ag tagairt do chnuasaigh eile i gCartlann na gCanúintí, agus crostagairtí dóibh i gcnuasaigh eile de chuid na Cartlainne.

---

**b09** **Ó Ruadháin, Seán** — Maigh Eo — 1950í-1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

2 bosca, circa 2,000 lch; lámh an údair; macasamhla; dath á tréigean, i slí is gur ar éigin is féidir a léamh. Cuardach bunchóipe curtha ar bun sa Roinn Oid. ar iarratas ó Chartlannaí reatha ChnagC., ach gan teacht uirthi, rud a fhágann gur cosúil nach maireann ach cóip seo ChnagC.Údar: Seán Ó Ruadhain 1883-1966, Dubhloch, Iorras, Contae Mhaigh Eo. Tá cur síos ar an gcnuasach seo in Mac Niocláis, M., *Seán Ó Ruadháin: Saol agus Saothar,* An Clóchomhar, 1991.

---

b10 **údair éagsúla** Gaillimh 1960í

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, 86 lch; clóscríofa. Foclóir a bhaineann le Gaeilge Charna, a réitíodh, is cosúil, mar thaca don obair a bhí ar siúl ag an Ollamh Hartmann et al.

---

b11 **Mac Giolla Íosa, Liam** Éire/Alba +30? bliain
**McLees, William** go 1953

**Foclóir Béarla - Gaeilge/Gàidhlig**

12 iml.; 1,000 lch. san imleabhar; mionscannán ann; féach sraith d (dlúthdhioscaí). Foclóir Béarla - Gaeilge/Gàidhlig; lámh an údair; téacs glan soiléite, ach rian caite na haoise ar imill na n-imleabhar. Bhronn clann an údair an foclóir seo ar an Ollamh Tomás de Bhaldraithe, a bhronn ar Chartlann na gCanúintí é. Údar: William H. MacLees †1953. Gael Meiriceánach le sinsir as Éirinn agus as Albain. Tá curs síos ar an gcnuasach seo agus ar a údar in aiste le Tomás de Bhaldraithe, 'Uilliam H. Mac Giolla Íosa, Foclóirí' in Ó hAnnracháin, S. (eag.), *Go Meiriceá Siar*, Clóchomhar, 154-8, 1978 agus in aiste eile le Tomás de Bhaldraithe, 'William H.McLees, Lexicographer' in *Éire-Ireland* 21.1 (St. Paul) 103-6 (1985).

---

b12

**Tráchtais**

Féach innéacsanna tráchtas: a29, f01.

---

b13 **Kirk**
**Connellan**
**Ó Coindealbháin**

**Foclóirí Kirk, Connellan, srl.**

2 iml., circa 160 lch.; fótachóipeanna. Corp fhoclóir Uí Choindealbháin ina iomláine, sleachta as Kirk, srl.

---

b14 **de Bhaldraithe, Tomás**

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

2 iml., circa 200 lch.; lámh an údair; fótachóip. Údar: Tomás de Bhaldraithe.

---

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

b15 tréimhsí éagsúla

**Ceistiúcháin**

3 bosca, circa 250 lch.; clóscríofa. 53 ceistiúchán caighdeánach a úsáideach mar bhonn le bailiú ábhair do Chartlann na gCanúintí ó fhaisnéiseoirí roghnaithe.

---

b16 **údair éagsúla** ceantair éagsúla tréimhsí éagsúla

**Seach-chlónna**

2 bosca; seach-chlónna; sínithe ag údair éagsúla na n-alt iontu. Údair: Brian Ó Cuív, W.B. Lockwood, Derek Thomson, Anders Ahlqvist, et al.

---

b17 **Cormac**

**Sanas Chormaic**

1 iml., xxx, 128 lch.; fótachóip. 'Cormac's Glossary', mar a foilsíodh in *Cambridge Medieval Celtic Studies* 15, 1988, mar aon le réamhrá a scríobh Paul Russell, faoin teideal 'The Sounds of a Silence: The Growth of Cormac's Glossary'.

---

b18

**D.I.L.**

16 iml.; neamhiomlán.

---

b19 **Ó Maolchathaigh, Séamus** Tiobraid Árann gan dáta

**Foclóir Gaeilge - Béarla**

1 bosca, 15 fillteán, circa 750 lch.; lámh an údair. Údar: Séamus Ó Maolchathaigh (†1968), An Ghráinseach, Cluain Meala, Contae Thiobraid Árainn. Foilsíodh i 1988, faoi choimirce Acadamh Ríoga na hÉireann, cuid den ábhar sa chnuasach seo in Ó hAirt, D., *Deascán Foclóireachta 7: Díolaim Dhéiseach*.

---

**b20** **Ó Floinn, Donncha** | **Gunn, Marion** — **Seanchas ó Chléire** — Corcaigh — 1928-1944, 1987-1988

3 iml., circa 600 lch.; clóscríofa. Seanchas, scéalta, ranna, seanfhocla. Údar: Marion Gunn a thiomsaigh, as leabhair nótaí 1928-1944 an Athar Donncha Ó Floinn, ina bhfuil ábhar a a bailíodh i gCléire, Contae Chorcaí.

---

**b21** **Ó Conaill, Seán,** | **Ó Síocháin, Ciarán,** | **Stundún, Seán** | **Gunn, Marion** — **Seanchas ó Chléire** — Corcaigh — 1930í, 1980í-1990í

2 iml., circa 500 lch.; clóscríofa. Seanchas, scéalta, ranna, seanfhocla. Údar: Marion Gunn a thiomsaigh, as cnuasaigh as lsí i gCartlann Roinn Bhéaloideas Éireann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Foilsíodh cuid den ábhar seo in Gunn, M., *Céad Fáilte go Cléire*, Clóchomhar, 1990.

---

**b22** **údair éagsúla** — **Comhfhreagras I** — ceantair éagsúla — tréimhsí éagsúla

Comhfhreagras le bailitheoirí agus ábhar cúlrach.

---

**b23** — **Foclóir Laidin - Béarla - Gaeilge** — ginearálta — go dtí 1730

9 bosca, circa 900 lch.; asphrionta, per Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, ó mhionscannán lámhscríbhinn z3.1.13 i Marsh's Library. Údair: Fr. Francis Walsh agus Tadhg (Thaddeus) Ó Neachtain 1670-1749.

---

**b24** **Ó Dónaill, Niall et al.** — **Foclóir Gaeilge - Béarla** — éags. — 1960í & 1970í

350+ iml.; lámha éagsúla; glan; phótachóip; páipéar i riocht maith, faoi cheangal seasmhach. Foclóir Béarla - Gaeilge, le nótaí eagarthóireachta, a úsáideadh mar bhonn le Ó Dónaill *Foclóir Gaeilge - Béarla,* Oifig an tSoláthair, 1977.

---



**b25** **údair éagsúla** — **Noda an Acadaimh** — ceantair éagsúla — 1979

2 iml., circa 140 lch. Treoir do noda Fhoireanna an Fhoclóira in Acadamh Ríoga Éireann.

---

**b26** **Ó Dálaigh, Seán** — **Seanchas, cuimhní cinn** — Ciarraí — 1931

2 bosca, 580 lch.; lámh údair agus eagarthóra; litreacha móra soiléire; páipéar caite stróicthe, máchallach, agus bioráin mhiotail tríd. Údar: Seán Ó Dálaigh, Dún Chuinn [sic], Co. Chiarraí. Comhfhreagras mar chúlra leis. Tugtha ag an údar do Cornelius Duane, Cigire Scoile thart faoi 1947, an fear ar leis na marcanna eagarthóireachta, agus a thug iarracht ar a fhoilsiú. Fionnuala Duane, iníon le Cornelius Duane, a bhronn ar an Ollamh Tomás de Bhaldraithe i 1978.

---

**b27** **Ó Criomhthain, Tomás** — **An tOileánach** — Ciarraí — 1939

I bosca, circa 2000 lch. Údar: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937, Blascaodach. Cóip a chlóscríobh Máiréad Ní Eithir.

---

**b28** **Hartmann, Hans et al.** — **Carna** — Gaillimh — 1960í - 1980í

11 bosca, circa 11,000 lch.; clóscríofa. Athscríbhinn ó théipeanna a taifeadaíodh i gCarna sna 1960í ó bhéal mhuintir Charna. Príomhaisnéiseoirí: Pádraig Ó Cosgardha, Colm Ó Cualáin, Mícheál Ó Coirbín. Comhfhreagras gaolmhar le Hans Hartmann, Köln, agus Tomás de Bhaldraithe et al. Téipeanna (tag. t1) ar caomhnú sa chófra faoi sheilf na mboscaí. Comhfhreagras gaolmhar. Foilsíodh cuid den chnuasach seo in Hans Hartmann, Tomás de Bhaldraithe agus Ruairí Ó hUiginn, *Airneán*, *Eine Sammlung von Texten aus Carna, Co. na Gaillimhe Herausgegeben und kommentiert*. Band I Einleitung und Texte (i-ix, 1-482). Band II Kommentar (1-331), Tubingen Niemeyer 1996, agus bhí léirmheas ar *Airneán* ag Ó Curnán, B. in *Éigse* (1998) 135-158.

---

**b29** **Ó Síocháin, Conchobhar** **Ó Síocháin, Mícheál** **Ó Síocháin, Ciarán** **Ó Floinn, Donncha** — **Seanchas Chléire** — Corcaigh — roimh 1936

1 bosca; vii, 202 lch.; i lámha na scríobhaithe a scríobh síos ó bhéal an údair; críbhneoireacht an eagarthóra anuas ar an dá láimh eile; an t-iomlán i litreacha móra soiléite; dúch i ndathanna éagsúla; téacs iomlán ann; páipéar caite, stróicthe agus bioráin mhiotail tríd. Údar: Conchobhar Ó Síothcháin1886-1941, Cléire. Bunchóip Ó Síothcháin, Conchobhar, *Seanchas Chléire*, eag. D.Ó Floinn, Oifig an tSoláthair,1940,1970.

---

**b30** **Ó Criomhthain, Tomás** — **Stair na mBlascaodaí, Beag agus Mór** — Ciarraí — 1930

I bosca, ii, 217 lch.; lámh an údair le leasuithe eagarthóra scríofa anuas uirthi; an t-iomlán i litreacha móra soiléite; dúch i ndathanna éagsúla; páipéar caite, stróicthe. Litir de chuid an údair istigh leis; Údar: Tomás Ó Criomhthain 1855-1937, Blascaodach.

---

**b31** **Ó Drisceoil, Donncha S.** — **Cín Lae** — Corcaigh — 1979-82

Circa 1,500 lch.; burlaí leathscaoilte páipéar; feoite; lámh an údair. Údar: Donncha Shéamuis Ó Drisceoil 1912-1984, Comalán, Cléire. Dialanna de chuid an údair ar cuireadh sleachta astu i gcló i gcolún rialta a bhíodh ag an údar san *Irish Times* idir 1979 agus 1982. Foilsíodh 104 aiste roghnaithe astu sin in de Bhaldraithe, T. (eag.), *Aistí ó Chléire* Clóchomhar 1987. Eibhlín Ní Bhriain a bhronn ar an Ollamh Tomás de Bhaldraithe.

---

**b32** **de Bhaldraithe, Tomás agus údair éagsúla eile** — **Comhfhreagras II** — ceantair éagsúla — tréimhsí éagsúla

Ábhar á scagadh; mórchuid fós le clárú. Comhfhreagras agus ábhar cúlrach a tháinig isteach le cáipéisí eile a bhronn muintir Thomiás de Bhaldraithe ar ChnagC tar éis a bháis.

---

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

**b33** **de Bhaldraithe, Tomás** — **Nótaí Taighde agus Teagaisc** — ceantair éagsúla — tréimhsí éagsúla

Ábhar á scagadh; mórchuid fós le clárú. Nótaí taighde agus teagaisc agus cáipéisí gaolmhara eile a bhronn muintir Thomiás de Bhaldraithe ar ChnagC tar éis a bháis.

---

**b34** **gan ainm** — **Foclóir Gaeilge - Gaeilge** — ceantai(i)r gan sannadh — gan dáta

1 bosca, 2 iml., circa 600 lch.; clóscríbhinn le leasuithe lámhscríofa. Foclóir B-C a tháinig isteach in éinecht le nótaí taighde agus teagaisc agus cáipéisí gaolmhara eile a bhronn muintir Thomiás de Bhaldraithe ar ChnagC tar éis a bháis.

---

**b35** **Ua Buachalla, Seán** — **Gaodhluinn Bhaile-Bhúirne** — ceantai(i)r gan sannadh — gan dáta

1 bosca, 1 iml., circa 150 lch.; lámhscríofa Foclóir Gaeilge - Gaeilge, an litir C. Údar: Seán Ua Buachalla

---

**b36** **de hÍde, Dubhglas** **Craoibhín, an** **Hyde, Douglas** — **Mise agus an Connradh** — Ros Comáin — 1930í

1 bosca, circa 500 lch.; fótachóip. Cóip de bhunscríbhinn de hÍde, Dubhglas, *Mise agus an Conradh*, a foilsíodh mar leabhar i 1937.

---

**d01** **Mac Giolla Íosa, Liam** **McLees, William** — **Foclóir Béarla - Gaeilge/Gàidhlig** — Éire/Alba — +30? bliain go 1953

2 dlúthdhiosca. Foclóir Béarla - Gaeilge/Gàidhlig; lámh an údair; téacs glan soiléite, ach rian caite na haoise ar imill na n-imleabhar. Bhronn clann an údair an foclóir seo ar an Ollamh Tomás de Bhaldraithe, a bhronn ar Chartlann na gCanúintí é. Údar: William H. MacLees †1953. Gael Meiriceánach le sinsir as Éirinn agus as Albain. Tá curs síos ar an gcnuasach seo agus ar a údar in aiste le Tomás de Bhaldraithe, 'Uilliam H. Mac Giolla Íosa, Foclóirí' in Ó hAnnracháin, S. (eag.), *Go Meiriceá Siar*, Clóchomhar, 154-8, 1978 agus in aiste eile le Tomás de Bhaldraithe, 'William H.McLees, Lexicographer' in *Éire-Ireland* 21.1 (St. Paul) 103-6 (1985).

---

**d02** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *Cré na Cille.*

---

**d03** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *An Braon Broghach.*

---

**d04** **Ó Flaithearta, Liam** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Flaithearta, L., *Dúil.*

---

**d05** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *Cois Caoláire.*

---

**d06** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *An tSraith ar Lár.*

---

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

**d07** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *An tSraith Tógtha.*

---

**d08** **Ó Criomhthain, Tomás** Ciarraí 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Criomthain, T., *An tOileánach.*

---

**d09** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *An tSraith dhá Tógáil.*

---

**d10** **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 2001-2002

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Cadhain, M., *Idir Shúgradh is Dáiríre.*

---

**d11** **Ó Conaire, Páraic** Gaillimh 2001-2002
**Gunn, Marion**

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Conaire, M., *Seacht mBua an Éirí Amach.*

---

**d12** **Ó Céileachair, Donncha** Corcaigh 1980í

**Téacs gan Scagadh**

1 dlúthdhiosca. Leagan leictreonach de Ó Céileachair, D., *Dialann Oilithrigh.*

---

**f01** **údair éagsúla** — **Innéacs Tráchtas II** — ceantair éagsúla — tréimhsí éagsúla

Allacháin, An Br. Tadhg S. Ó h-, *"Aithris ar Chríost" leis an Athair Peadar Ó Laoghaire, i gcoimhmheas leis an téacs bhunúsach Laidneach "De Imitatione Christi" le Tomás a Cempis* (gan dáta);
Annracháin, Blánaid, *Filíocht Mhichíl Chormaid Uí Shúilleabháin, Doire Locha, An Sciobairín, Co. Chorcaí* (1971);
Annracháin, Máire Ní, *An Coimhthíos i nGearrscéalta Mháirtín Uí Chadhain* (1977);
Brádaigh, Máire Ní Bh~, *An Béaloideas sa bhFiannuidheacht*, (1948), 2 cóip;
Breathnach, Séamus, *An t-Aighneas idir Chill agus Tuaith 'sa tSean-Sceuluidheacht Ghaedhilge* (1940);
Caithnia, Liam P., *An Apológ i bhFilíocht Shiollach na Gaeilge* (1964), 2 iml.;
Ceallaigh, Aodh Ó, *An Rudhraigheacht 'sa Bheuloidis* (1945);
Cáinte, Máire Ní Ch~ (an tSr Doireann), *Agallamh an bhFíoraon, nó Craobhsgaoile an Chreidimh Chatoilice* (1933);
Coigligh, Pádraig Ó , *Litríocht na Gaedhilge insan Seachtú Aois Déag* (gan dáta);
Cóíl, Liam Mac, *Staidéar ar roinnt bhuafhocal meafarach sa Leabhar Branach* (1975);
Conaire, Breandán Ó, *Scríbhneoireacht Ghaeilge Bhriain Uí Nualláin agus Foinsí Liteartha an Béal Bocht*;
Conchoille, Pádraic Mac, *Stair an Ghrinn sa Ghaedhilge* (gan dáta);
Críodáin, Tadhg, *Baile na Manach, a dhinnsheanchus agus a stair* (1942);
Cróinín, Donnchadh A. Ó, *Ó Dálaigh Fionn cct.* (1945);
Denvir, Gearóid, *An Béaloideas i saothar cruthaitheach Gaeilge Mháirtín Uí Chadhain* (1974);
Deirg, Iseult Ní Dh~, *Nótaí ar an amhrán bréagach sa nGaeilge* (1958);
Dubháin, Máire Ní Dh~, *Moladh Bréige mar ghné i bhfilíocht na Gaeilge* (1962);
Domhnalláin, Pádraig Ó, *Beatha San Phroinsias, maille le brollach agus gluais* (1937);
Dufaigh, Seosamh O (Joseph A. Duffy), *Inchéimniughadh dochum beatha chrábhaigh* (1960);
Maolaithe, Proinsias Ó, *Canúint Chaisleán Gearr* (1948)
Oireachtaigh, Seosamh Mac, *Beatha Mhaolmhodhaigh Naomhtha* (1934)

a thuilleadh le cur ar an gclár seo.

---

**r01** **Ó Cadhain, Máirtín** / **Ní Eithir, Máiréad** / **Ní Choisdealbha, Eibhlín** — **Innéacs Focal** — Gaillimh — 1960í-1970í

2 iml., 675 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *Cois Caoláire.*

---



**r02** **Ó Cadhain, Máirtín** / **Ní Eithir, Máiréad** / **Ní Choisdealbha, Eibhlín** — **Innéacs Focal** — Gaillimh — 1960í-1970í

2 iml., 853 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *An tSraith Dhá Tógáil.*

---

**r03** **Ó Cadhain, Máirtín** / **Ní Eithir, Máiréad** / **Ní Choisdealbha, Eibhlín** — **Innéacs Focal** — Gaillimh — 1960í-1970í

2 iml., 741 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *An Braon Broghach.*

---

**r04** **Ó Cadhain, Máirtín** / **Ní Eithir, Máiréad** / **Ní Choisdealbha, Eibhlín** — **Innéacs Focal** — Gaillimh — 1960í-1970í

2 iml., 880 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *An tSraith ar Lár.*

---

**r05** **Ó Cadhain, Máirtín** / **Ní Eithir, Máiréad** / **Ní Choisdealbha, Eibhlín** — **Innéacs Focal** — Gaillimh — 1960í-1970í

2 iml., féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *Cré na Cille.*

r06 Ó Cadhain, Máirtín
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Gaillimh 1960í-1970í

2 iml., 350 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna).. Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, mar innéacs do shaothar Mháirtín Uí Chadhain. .

r07 Ó Cadhain, Máirtín
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Gaillimh 1960í-1970í

1 iml., 844 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna).. Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, mar innéacs do shaothar Mháirtín Uí Chadhain. Cuid II: G-U.

r08 Ó Cadhain, Máirtín
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Gaillimh 1960í-1970í

1 iml., 719 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna).. Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh mar innéacs droim ar ais do shaothar Mháirtín Uí Chadhain.

r09 Ó Cadhain, Máirtín
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Gaillimh 1960í-1970í

2 iml., 589 lch. clóbhuailte in iml.2; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *Idir Shúgradh is Dáiríre.*

cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003
leagan 2.9

r10 Ó Criomhthain, Tomás
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Ciarraí 1960í-1970í

2 iml., 440 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Criomthain, T., M., *Seanchas ón Oileán Tiar.*

r11 Ó Criomhthain, Tomás
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Ciarraí 1960í-1970í

2 iml., 520 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna).Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Criomthain, T., M., *An tOileánach.*

r12 Ó Criomhthain, Tomás
Ní Eithir, Máiréad
Ní Choisdealbha, Eibhlín
**Innéacs Focal** Ciarraí 1960í-1970í

1 iml., circa 550 lch. clóbhuailte; féach s (spólanna). Údar: Máiréad Ní Eithir agus/nó Eibhlín Ní Choisdealbha a thiomsaigh, as Ó Criomthain, T., M., *Allagar na hInise.*

r13 Ó Mac Grianna, Seosamh
Ó Duibhín, Ciarán
**Téacsanna gan Scagadh** Dún na nGall 1980í

1 spól; féach s (spólanna). Údar: Ciarán Ó Duibhín a dhein téacs leictreonach as Mac Grianna, S., M., *Amy Foster, Séideán Bruithne.*

r14 Ó Grianna, Séamus
Ó Duibhín, Ciarán
**Téacs gan Scagadh** Dún na nGall 1980í

1 spól; féach s (spólanna). Údar: Ciarán Ó Duibhín a dhein téacs leictreonach as Ó Grianna, S., M., *Mícheál Ruadh.*

r15 **Mac Grianna, Seosamh** Dún na nGall 1936, 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

3 iml., circa 1800 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Mac Grianna, S., *Páraic Ó Conaire agus Aistí Eile.*

r16 **Merriman, Brian** An Clár 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

2 iml., circa 400 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Merriman, B., *Cúirt an Mheon Oíche.*

r17 **Ó Súilleabháin, Amhlaoibh** Cill Chainnigh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

4 iml., circa 1400 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Súílleabháin, A., *Cinnlae Amhlaoibh (eag. 1).*

r18 **Ó Ríordáin, Seán** Corcaigh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

1 iml., circa 400 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Ríordáin, S., *Brosna.*

r19 **Ó Flaithearta, Liam** Gaillimh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

2 iml., circa 1100 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Flaithearta, L., *Dúil.*

*cartlann na gcanúintí/clár faisnéise/gunn/catalóg iubhaile 2003*
*leagan 2.9*

r20 **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

1 iml., circa 500 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *Páipéir Bhána agus Páipéir Bhreaca.*

r21 **Ó Cadhain, Máirtín** Gaillimh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

4 iml., circa 1200 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Cadhain, M., *An tSraith Tógtha.*

r22 **Ó Conaire, Páraic** Gaillimh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

4 iml., circa 900 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Conaire, M., *Seacht mBua an Éirí Amach.*

r23 **Bhreathnach, Nóra** ní fios 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

1 iml., circa 500 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Bhreathnach, N., *Ealaí na Cócaireachta.*

r24 **Ó Briain, Ceallach** ní fios 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

1 iml., circa 1000 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Briain, C., *Eitic.*

r25 **Ó Céileachair, Donncha** Corcaigh 1980í
**Gunn, Marion** **Comhchordacht**

2 iml., circa 1800 lch.; féach s (spólanna). Marion Gunn a thiomsaigh, as Ó Céileachair, D., *Dialann Oilithrigh.*

r26 **de Bhaldraithe, Tomás** ceantair éagsúla 1980í

**Innéacs Focal**

1 iml., circa 500 lch. Tomás de Bhaldraithe a thiomsaigh, mar innéacs do *D. I. L.*

s

**Spólanna**

Spólanna, ag freagairt do shraith R:
IRISH 1-25,
IRISH A-C,
IRISH K,
IRISH M,
IRISH P,
IRISH R,
T0245,
TEXT ONE QUB,
TEXT TWO QUB.

t01 Gaillimh 1960í

**Téipeanna**

Téipeanna Hartmann, a bhfuil cnuasach b28 ag freagairt dóibh.

t02 ceantair éagsúla 1980í

**Téipeanna**

Téipeanna *Fadhbanna Gaeilge*, cláracha raidió de chuid RTÉ, a bhfuil cnuasach a42 ag freagairt dóibh.